**An Bhruiséil, 26 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7777/26**

**POLCOM 121**
**WTO 46**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ag tús an 14ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle ag tús an 14ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála, mar a ghlac an Chomhairle iad an 26 Márta 2026.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Conclúidí ag tús an 14ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála**

1. Tá an tAontas Eorpach tiomanta do chóras iltaobhach trádála atá oscailte agus riailbhunaithe, a mbeidh Eagraíocht Dhomhanda Trádála nuachóirithe ina chroílár. Tá an tAontas i bhfabhar pacáiste fóinteach torthaí don 14ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (CA14), agus iarrann sé ar Chomhaltaí uile EDT rannchuidiú ar bhealach cuiditheach, i gcomhréir lena riachtanais agus lena n-acmhainneachtaí. In ord eacnamaíoch atá ag éirí níos ilroinnte, tá gá níos mó ná riamh le cobhsaíocht agus intuarthacht córais trádála iltaobhaigh atá bunaithe ar rialacha.

2. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá CA14 i gcomhthéacs ina bhfuil EDT in uair na cinniúna agus, gan athchóiriú domhain cuimsitheach, go bhfuil an baol ann go laghdófar a ábharthacht, rud a chreimfidh a thuilleadh an córas trádála domhanda riailbhunaithe. Dá bhrí sin, ní mór torthaí nithiúla a bheith ag baint le CA14 mar ‘comhdháil aireachta um an athchóiriú’ agus mar chéim i dtreo próiseas athchóirithe bunúsach sa tréimhse idir CA14 agus CA15.

3. Tá an Chomhairle tiomanta do phróiseas athchóirithe EDT a bheidh dírithe ar thrí cholún, mar atá, an intuarthacht, an chothroime agus an tsolúbthacht, ionas go bhféadfaidh an eagraíocht leanúint dá cuspóirí a chur i gcrích go héifeachtach agus freagairt ar dhúshláin phráinneacha trádála domhanda an lae inniu a bhaineann go háirithe leis na beartais tionsclaíocha, leis an trádáil dhigiteach, leis an aeráid, leis an mbithéagsúlacht agus leis an athléimneacht. I bhfianaise an mhéid sin, tá sé ar cheann de thosaíochtaí an Aontais dul i ngleic leis an teannas trádála a tháinig chun cinn le blianta beaga anuas, go háirithe mar gheall ar chleachtais agus beartais neamh-mhargaidh, ag díriú ar earnálacha tionsclaíocha agus ar shaincheisteanna cothroime iomaíochta.

4. Anuas air sin, ní mór don chóras athchóirithe na réaltachtaí eacnamaíocha athraithe a léiriú, aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí i gcearta agus i ngealltanais na gComhaltaí, cothrom iomaíochta a áirithiú, agus creat rialacha níos solúbtha a chur ar fáil, lena n-áirítear cineálacha cur chuige geoiméadrachta athraithí a bhfuil struchtúr rialachais athbhreithnithe mar bhonn taca leo.

5. Dá bhrí sin, tá an Chomhairle i bhfabhar clár oibre struchtúrtha iar-CA14 maidir le hathchóiriú EDT a bhunú, faoi údarás na Comhairle Ginearálta, agus iarrann sí go ndéanfaí tuairisciú rialta agus go leagfaí garspriocanna nithiúla síos chun móiminteam a choinneáil roimh CA15.

6. Is tosaíocht i gcónaí é córas lánfheidhmiúil éifeachtúil um réiteach díospóidí a bheith ann a mbeidh rochtain ag na Comhaltaí uile air. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go leanfaidh rialacha EDT de bheith in-fhorfheidhmithe trí nósanna imeachta atá leagtha síos seachas trí ghníomhaíochtaí aontaobhacha. Tá an tAontas réidh chun dlús a chur leis an obair sin agus chun cur leis an dul chun cinn atá déanta cheana, aon uair a bheidh na dálaí cearta ann. Mar sin féin, in ainneoin na hoibre substaintiúla a rinneadh sa phlé maidir le hathchóiriú ar réiteach díospóidí ó bhí CA12 ann, níl an córas ag feidhmiú go hiomlán. I bhfianaise an mhéid sin, meabhraítear don Chomhairle go bhfuil an Comhshocrú Ilpháirtí maidir le hEadráin Eatramhach Achomhairc (MPIA) níos tábhachtaí ná riamh mar réiteach sealadach chun córas lánfheidhmiúil um réiteach díospóidí a chaomhnú i measc na gComhaltaí toilteanacha.

7. Tá sí i bhfabhar clár oibre a bheith ann freisin lena bhféachfaí ar bhealaí nua oibre a d'fhéadfadh a bheith ann chun go mbeadh an eagraíocht éifeachtach i gcomhthéacs an 21ú haois, lena n-áirítear ceist na comhthola, agus comhaontuithe ilpháirtithe a ionchorprú go tráthúil in EDT, go háirithe maidir le ríomhthráchtáil, éascú infheistíochta don fhorbairt agus i réimse na trádála agus an chomhshaoil. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé an Comhaontú um Infheistíocht a Éascú chun Forbairt a Dhéanamh a ionchorprú i gcreat dlíthiúil EDT, i bhfianaise líon mór na gcomhaltaí ann agus na dtairbhí forbartha a bhaineann leis. Tugann sí dá haire freisin a thábhachtaí atá an trádáil dhigiteach agus an cuspóir rialacha trádála nua-aimseartha a bhunú sa réimse sin. Tacaíonn an Chomhairle leis an dul chun cinn chun an Comhaontú maidir le Ríomhthráchtáil a chur chun feidhme a luaithe is féidir ar bhonn ilpháirtithe nó iltaobhach, lena n-áirítear trína chur i bhfeidhm ar bhonn eatramhach. Tá an Chomhairle ag súil freisin leis an síneadh, ar bhonn buan más féidir, a chuirfear leis an moratóir iltaobhach ar dhleachtanna custam ar tharchuir leictreonacha agus measann sí gur creat luachmhar é an clár oibre ríomhthráchtála. Dá mbunófaí Coiste nua chun cúraimí an Chláir Oibre um Ríomhthráchtáil a dhéanamh, ba cheart don Aontas nasc a choinneáil ar bun idir an Coiste agus an síneadh arna chur, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le fad ama, leis an moratóir iltaobhach ar dhleachtanna custam ar tharchuir leictreonacha, ach amháin dá gcuirfeadh sé cosc ar an Aontas páirt a ghlacadh i dtoradh comhaontaithe atá bunaithe ar chomhthoil.

8. I réimse na talmhaíochta, tá an Chomhairle i bhfabhar torthaí cothroma chun an chaibidlíocht maidir le gach saincheist talmhaíochta a chur chun cinn. D'fhéadfaí a áireamh leis sin tuilleadh trédhearcachta a shaothrú maidir le srianta ar onnmhairiú chomh maith le réiteach ar shaincheist na stocshealbhaíochta poiblí chun críocha na slándála bia, mar chuid de thoradh níos leithne i ndáil leis an talmhaíocht. Ní mór na torthaí a bheith comhoiriúnach leis an gComhbheartas Talmhaíochta agus le hiarrachtaí an Aontais san am a chuaigh thart agus san am i láthair chun bearta nach saobhann an trádáil agus atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a ghlacadh, agus ní mór inbhuanaitheacht eacnamaíoch fheirmeacha an Aontais a chosaint leo.

9. Maidir leis an obair ar shlándáil bia agus ar fhreagairt éigeandála, meabhraítear don Chomhairle go bhfuil gá i gcónaí le gníomhaíocht EDT chun freagairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair maidir le slándáil bia, lena n-áirítear i bhfianaise iarmhairtí chogadh foghach gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin. Sáraíonn fogha na Rúise, a bhfuil an Bhealarúis ag tacú leis, Cairt na Náisiún Aontaithe d'aon ghnó, déanann sé neamhaird den ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, agus baineann sé an bonn ón tslándáil agus ón gcobhsaíocht idirnáisiúnta.

10. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá an fhorbairt i gclár oibre EDT. Cuireann sí i dtreis go dtacaíonn an córas trádála iltaobhach riailbhunaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe agus le tíortha i mbéal forbartha a lánpháirtiú de réir a chéile sa trádáil dhomhanda. Tacaíonn an Chomhairle le hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na dtíortha is lú forbairt, lena n-áirítear i ndáil le tograí maidir le bearta tacaíochta le haghaidh aistriú níos rianúla do Chomhaltaí EDT atá ag imeacht ar aghaidh ó chatagóir na dtíortha is lú forbairt, agus meabhraítear di a thábhachtaí atá cineálacha cur chuige spriocdhírithe atá bunaithe ar riachtanais.

11. Is díol sásaimh don Chomhairle teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le Fóirdheontais Iascaigh an 15 Meán Fómhair 2025 agus cuireann sí i bhfios go láidir gur cheart do Chomhaltaí EDT a ndícheall a dhéanamh teacht ar chomhaontú maidir le forálacha breise chun disciplíní cuimsitheacha a bhaint amach. Tacaíonn an Chomhairle le rannpháirtíocht an Aontais i dtreo toradh a bheidh comhsheasmhach le beartais an Aontais agus lena gcaomhnófar bearta tacaíochta iomchuí agus cothrom iomaíochta, a mbeidh an inbhuanaitheacht ina chroílár, á áirithiú ag an am céanna.

12. Formheasann an Chomhairle na dréachtdearbhuithe agus na dréachtráitis maidir leis an méid seo a leanas:

- *Ráiteas lena dtacaítear leis an gCóras Trádála Iltaobhach Riailbhunaithe: Ról MPIA (7643/26)*
- *Dearbhú maidir le socrú Eatramhach don Chomhaontú maidir le Ríomhthráchtáil (7739/26)*
- *Ráiteas Aireachta maidir leis an tionscnamh um athchóiriú ar fhóirdheontais breoslaí iontaise (7644/26)*
- *Ráiteas lena ghlacadh ag an tríú cruinniú de Chomhghuaillíocht na nAirí Trádála maidir leis an Aeráid (7645/26)*
- *Cinneadh Aireachta maidir leis an gClár Oibre i ndáil le Geilleagair Bheaga (WT/MIN(26)/W/9)*
- *Dearbhú Comhpháirteach ón Aontas agus ó CPTPP an 27 Márta 2026 lena dtacaítear le EDT (7710/26)*

13. Tacaíonn an Chomhairle le hiarrachtaí an Choimisiúin ar mhaithe le rath CA14 agus tá sí ag tnúth le comhordú maith idir na Ballstáit agus an Coimisiún i ndáil leis sin. Déanfaidh an Chomhairle measúnú ar an dul chun cinn a dhéanfar i dtaca le toradh cothrom a bhaint amach i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach thuas. Chun na críche sin, tá an Chomhairle ag tnúth leis na tograí ón gCoimisiún i ndáil le téacsanna na ndréachtdearbhuithe agus na ndréachtráiteas atá á bplé in EDT.